Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Nollaig 2023**
**(OR. en, de)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0081(COD)**

**16056/23**
**ADD 3**

**COMPET 1183**
**IND 632**
**MI 1053**
**BETREG 38**
**DIGIT 284**
**ECOFIN 1293**
**EDUC 467**
**ENER 645**
**POLCOM 298**
**RECH 531**
**CODEC 2291**

## NÓTA

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15440/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7613/23 + 7613/23 ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta)<br>*– Cur chuige ginearálta*<br>*- Dearbhú Prótacail ón Ostair* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas prótacail ó thoscaireacht na hOstaire maidir leis an ábhar thuasluaite, ag féachaint do chruinniú na Comhairle Iomaíochais an 7 Nollaig 2023, agus aistriúchán cúirtéise go Béarla ina dhiaidh.

## Ráiteas ón Ostair le haghaidh na miontuairiscí

## An Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta - Cur Chuige Ginearálta

## An Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht) | 7.12.2023

Measann an Ostair gur cloch mhíle thábhachtach é an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta chun dlús a chur leis an aistriú glas, chun an t-iomaíochas a neartú agus chun cuspóir comhchoiteann na hEorpa maidir le haeráidneodracht a bhaint amach. Tacaímid le cuspóir an togra seo le haghaidh Rialacháin chun dlús a chur le forbairt agus leathnú na hacmhainneachta táirgeachta, go háirithe i gcás fuinneamh in-athnuaite, san Aontas.

Ní féidir leis an Ostair tacú le claochlú, áfach, atá bunaithe ar theicneolaíocht núicléach agus, ina theannta sin, a chuireann an teicneolaíocht núicléach chun cinn a thuilleadh agus a dhíríonn ar an teicneolaíocht sin mar theicneolaíocht don todhchaí. Níl an teicneolaíocht núicléach inbhuanaithe ná costéifeachtach ná sábháilte. In aon chás, i gcás na hOstaire, níl na teicneolaíochtaí núicléacha atá in Airteagail 3a agus 3b i measc na dteicneolaíochtaí a úsáidtear le haghaidh an aistrithe ghlais. Is oth leis an Ostair, dá bhrí sin, cuimsiú agus comhionannas na teicneolaíochta núicléiche sa dréachtchur chuige ginearálta maidir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta (Airteagail 3a agus 3b) agus tá súil aici go n-athróidh sé sin sa chaibidlíocht leis an bParlaimint.

A mhéid a bhaineann le Caibidil III maidir le hacmhainneacht insteallta $CO_2$, tugann an Ostair dá haire go bhfuil toirmeasc náisiúnta ar stóráil $CO_2$ (an tAcht Cónaidhme maidir le Stóráil Gheolaíoch na Dé-ocsaíde Carbóin a Thoirmeasc) i bhfeidhm faoi láthair, agus go bhfuil meastóireacht á déanamh air. Sa chomhthéacs sin, is gá aird chuí a thabhairt ar mhainneachtain Treoir 2009/31/CE a thrasuí san Ostair. I gcás ar bith, níor cheart go mbeadh mar thoradh ar raon feidhme na bhforálacha agus na gcuspóirí a leagtar amach i gCaibidil III míbhuntáiste san iomaíocht do ghnóthais sna Ballstáit sin ina bhfuil reachtaíocht náisiúnta lena dtoirmisctear stóráil $CO_2$ i bhfeidhm. Táimid i bhfabhar freisin síneadh réigiúnach a chur le limistéar incháilitheachta LEE maidir leis an oibleagáid stórála $CO_2$.